# An tSraith Shóisearach Amharc-ealaín

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment



## Measúnú Rangbhunaithe 1

Scoláire 03

Snáithe: **Ceardaíocht**

Téama: **Mo Cheantar**

## Torthaí Foghlama:

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**2.3** machnamh a dhéanamh ar a obair cheardaíochta féin nó ar obair cheardaíochta daoine eile le teanga chriticiúil agus amhairc

**2.4** a thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú

**2.6** iniúchadh a dhéanamh ar a chur chuige pearsanta féin i leith obair cheardaíochta trí chur i bhfeidhm teicniúil agus cruthaitheach de líníocht agus déanamh mairc

**2.7** na scileanna agus na hábhair stairiúla nó chomhaimseartha a úsáidtear i saothair cheardaíochta ó roinnt ceardaíocht dhifriúil a shainaithint

**1.12** a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh

**2.14** meáin a úsáid chun obair cheardaíochta a chruthú

## Tasc

I ndiaidh ransú smaointe bunaithe ar an téama forbróidh an scoláire prionta líonóile agus cuirfidh sé i gcrích é ó fhoinse phríomha a roghnóidh sé.

## Am


7 seachtaine


## Cúlra:

D'fhoghlaim an scoláire na scileanna, na hábhair agus na próisis a bhaineann le sraith priontaí líonóile dubha agus bána a dhearadh, a dhéanamh agus a phriontáil ar chúlraí éagsúla. Tríd an líníocht, shainaithin an scoláire líne, ton, cruth agus patrún ina fhoinse phríomha agus d'aistrigh sé iad go dtí a phriontaí.

Léirigh an scoláire a thuiscint agus léirthuiscint don cheird, tríd an bprionta ab fhearr leis nó ab fhearr ar éirigh leis a shainaithint agus, le nótaí, na cúiseanna leis sin a mhíniú.

Scrúdaigh an scoláire samplaí de dhéanamh priontaí stairiúil agus comhaimseartha a bhain lena phróisis agus obair féin.



My Worlds
Family
Animals
Cats
Dogs
Collar + tag
Food bowl
Food Mat
Shoes
Shoe sizes
Shoe prints
Handprints
Clothes
Clothes Line
baby clothes + Clothes Now on Line
toys
Spain
Holidays
Shopping centre
Money
clothes
Shopping bags
Poloroid Camra
Pictures
beach
bucket + Shovel
ball
beach chair with umbrella





Is í bróg an linbh an chuid is láidre de phrionta líonóile an scoláire. Rinne an scoláire fiosrú an-mhaith ina leith ina chuid líníochtaí.

D'fhorbair sé tuiscint an-mhaith maidir le foirm thríthoiseach na bróige trí líne a úsáid. Cruthaíodh fadhbanna sa dearadh nuair a tugadh isteach an bosca agus an páipéar síoda go tobann. Ós rud é nach ndearna an scoláire fiosrú ina leith ina chuid líníochtaí ní raibh cuma chomh tríthoiseach orthu agus a bhí ar an mbróg.


Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh an scoláire aird air seo agus go gcinnteoidh sé go mbainfidh sé úsáid as a líníocht chun cabhrú leis taithí níos fearr a fháil ar na rudaí atá i gceist sula mbogfaidh sé ar aghaidh leis an bpróiseas deartha.




Tá an-smacht ag an scoláire ar a theicníc ghearrtha, go háirithe ar an mbróg lasmuigh den bhosca. Tugann a threoghearradh foirm an-mhaith don bhróg. Is le sraith marcanna a léirítear an bhróg laistigh den bhosca, áfach, rud nach dtugann mórán struchtúir ná soiléireachta. Rinne an scoláire anailís ar na gearrthacha éagsúla is féidir leis a úsáid le linn a chuid taighde faoi Cultúr Amhairc ach ní dhearna sé mórán fiosrú ina leith ina chuid oibre. D'fhéadfadh sé tuilleadh fiosraithe a dhéanamh air seo ach na lanna gearrtha a athrú.




D'fhéadfadh an scoláire féachaint ar shamplaí eile de shaothar ealaíontóirí eile. Mar shampla, roinnt de na déantóirí priontaí eispriseanaíocha ón nGearmáin, a rinne go leor obair dubh agus bán, bhain siad go leor úsáid as treoghearradh líne. Chabhródh sin go mór leis an scoláire tuiscint a fháil ar conas struchtúr a chur ar phriontaí a dhéanfaidh sé amach anseo.


Other Lino Prints
2
I didnt chose this print as my favorite because I didnt think the edges were as clean / straight. Also as there is specks of white in the black. I also didnt chose this because I prefered the flower background.
3
I didnt chose this print because I didnt really like the white ink as it was hard to with and get into the negative space. Also because it is a bit splotchy.

My Favorite Lino Print



I chose this as my favorite lino print of my picture because I thought I got clean edges on my print. I think that I got it centred. I also loved the background as I think it relates really well to my oringal object of my childhood shoe with the butterflys and flowers. I loved that you could see parts of the butterflys and flowers in the white ♡



**Nótaí an mhúinteora ag úsáid na gcritéar rathúlachta**

Tugtar an méid atá tugtha faoi deara ag an múinteoir le chéile sna nótaí, ag úsáid na gcritéar rathúlachta, féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as CNCM, an Chigireacht, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.

**Teacher annotations:**

Is í bróg an linbh an chuid is láidre de phrionta líonóile an scoláire. Rinne an scoláire fiosrú an-mhaith ina leith ina chuid líníochtaí. D'fhorbair sé tuiscint an-mhaith maidir le foirm thríthoiseach na bróige trí líne a úsáid. Cruthaíodh fadhbanna sa dearadh nuair a tugadh isteach an bosca agus an páipéar síoda go tobann. Ós rud é nach ndearna an scoláire fiosrú ina leith ina chuid líníochtaí ní raibh cuma chomh tríthoiseach orthu agus a bhí ar an mbróg. Tá sé tábhachtach go dtabharfaidh an scoláire aird air seo agus go gcinnteoidh sé go mbainfidh sé úsáid as a líníocht chun cabhrú leis taithí níos fearr a fháil ar na rudaí atá i gceist sula mbogfaidh sé ar aghaidh leis an bpróiseas deartha.

Tá an-smacht ag an scoláire ar a theicníc ghearrtha, go háirithe ar an mbróg lasmuigh den bhosca. Tugann a threoghearradh foirm an-mhaith don bhróg. Is le sraith marcanna a léirítear an bhróg laistigh den bhosca, áfach, rud nach dtugann mórán struchtúir ná soiléireachta. Rinne an scoláire anailís ar na gearrthacha éagsúla is féidir leis a úsáid le linn a chuid taighde faoi Cultúr Amhairc ach ní dhearna sé mórán fiosrú ina leith ina chuid oibre. D'fhéadfadh sé tuilleadh fiosraithe a dhéanamh air seo ach na lanna gearrtha a athrú.

D'fhéadfadh an scoláire féachaint ar shamplaí eile de shaothar ealaíontóirí eile. Mar shampla, roinnt de na déantóirí priontaí eispriseanaíocha ón nGearmáin, a rinne go leor obair dubh agus bán, bhain siad go leor úsáid as treoghearradh líne. Chabhródh sin go mór leis an scoláire tuiscint a fháil ar conas struchtúr a chur ar phriontaí a dhéanfaidh sé amach anseo.

**Tuairisceoir a bronnadh:** Os cionn na n-ionchas